

Ceacht Tógála le Ranganna 5 go dtí 6

Diorama: ‘Mo Sheomra Leapa Foirfe’

Gemma Mc Girr

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Tógáil (Curaclam Amharcealaíona lch. 74)
<u>Cuspóir:</u>	<i>Fiosraigh agus déan trialacha le hairíonna agus saintréithe na n-ábhar agus struchtúir á ndéanamh (lch. 74)</i> <i>Déan struchtúir shamhlaíocha (lch. 74)</i>
<u>Nasc:</u>	Líníocht > An saol samhlaíoch á léiriú ag an dalta agus téamaí samhlaíocha á léirmhíniú trí úsáid airgtheach a bhaint as patrún agus sonra (Lch. 48) <i>Téamaí samhlaíocha a líníú ag úsáid patrún agus sonra airgtheach (lch. 66)</i>
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	<i>Eolaíocht: Leictreachas srutha a fhiosrú trí chiorcaid shimplí a thógáil (lch. 86)</i> <i>Na bealaí a dtéitear tithe agus foirgnimh a aithint (lch. 89)</i> <i>Tuiscint a fháil ar fheidhmiú na heolaíochta agus na teicneolaíochta i ngnáthchomhthéacsanna (lch. 91)</i> <i>Teanga labhartha: Smaointe agus coincheapanna a fhaightear i réimsí eile den churaclam a phlé (lch. 53)</i> <i>Stair: An saol, an tsochaí, obair agus cultúr fadó: Dul i dtaithí ar ghnéithe de shaol na ndaoine seo (lch. 68)</i> <i>Tíreolaíocht: A bheith eolach faoi thábhacht acmhainní inathnuachana agus neamhinathnuachana an Domhain.</i> <i>Tuiscint faoi na bealaí ina n-úsáideann daoine acmhainní an Domhain a chothú (lch. 83)</i>

An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Ag tosú: *Tá diorama ar nós feisteas stáitse nó seomra i mbosca. Má chuireann tú bosca bróga ar a thaobh beidh feisteas foirfe agat don cheacht seo.*
Ní mór duit an smaoineamh/spreagadh don cheacht seo a phlé le do rang timpeall seachtain roimh ré chun am a thabhairt dóibh na hábhair dhramhaíle atá riachtanach a bhailiú. Féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh freisin faoi obair i mbeirteanna nó b'fhéidir gur mhaith le roinnt leanáí obair ar a gconlán féin. Beidh cárta, cipíní líreacáin/lasáin, sopanna tógála, PVA, téip chumhdaigh, seilítéip, siosúir, péinteanna agus scuabanna sa seomra ranga cheana féin agat, ach abair leis na leanáí a gcuid ábhar dramhaíle féin a sholáthar. Beidh siad an-seiftiúil iad féin sna nithe a bheidh siad in ann a bhailiú nuair a thuigeann siad gur ar a ndearthaí féin atá siad ag obair!

Ábhair Riachtanacha: Ábhair dhramhaíle a fhaightear sa bhaile:

- Bosca bróga nó a leithéid do gach leanbh nó grúpa
- Boscaí/soithigh de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla
- Blúirí fabraice
- Téada, seansreang, cnóite, boltaí, spólaí folmha (do shnáth) srl

Cipíní líreacáin/lasáin
Sopanna tógála
Siosúir
PVA
Téip chumhdaigh/seilítéip
Péinteanna póstaer
Scuabanna

Spreagadh: “Dá mbeadh an seans agat do sheomra leapa a athrú le do dhearadh féin, gan aird ar chostas, cad a dhéanfá? An n-athrófá méid nó cruth an tseomra? Cad iad na hathruithe a dhéanfá leis an troscán agus na feistis? Cad ba mhaithe leat ar na ballaí, na hurláir agus na fuinneoga? Scaoil le do shamhlaíocht agus samhlaigh gach rud ba mhaith leat a chur i do sheomra pearsanta príobháideach féin. Smaoinigh ar chompord, teicneolaíocht,

dearadh agus feidhm. Smaoinigh ar an spás agus conas a bhainfeá an úsáid is fearr as.

Rachaidh an dearadh isteach i mbosca bróga, cad iad na hábhair is féidir leat a bhailiú chun na míreanna go léir a theastaíonn uait a chur sa seomra? Má tá sibh ag obair i ngrúpaí, socraigh cad iad na hábhair a bheidh uaibh agus cé bhaileoidh iad.”

Gníomhaíocht:

Tógann na leanaí seomraí leapa foirfe dóibh féin. D’fhéadfadh a smaointe athrú agus iad ag obair, eascróidh deacrachtaí lena linn agus gheobhaidh siad bealaí lena réiteach. Spreag iad chun an rud atá á dhéanamh acu a phlé, triail a bhaint as na hábhair, féachaint ar a dtógálacha ó gach taobh agus dul i gcomhairle le chéile agus iad i mbun oibre. Cuir saothar na leanaí ar taispeáint sa seomra ranga nó in áit oiriúnach eile sa scoil.

Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun caint faoina ndéantús, faoi aon deacrachtaí a bhí acu agus conas ar sháraigh siad iad. Tabhair am dóibh chun a saothar a thaispeáint sa rang agus a chéile a cheistiú faoina bhfuil déanta acu.

Gníomhaíochtaí Breise:

D’fhéadfadh na leanaí diorama a dhéanamh de na radharcanna is fearr leo as scéalta, dánta, scannáin nó cluichí.

Féidearthachtaí TCF: Tóg grianghraif de shaothar na leanaí agus scanáil isteach sa ríomhaire iad. Féadfaidh siad tuairisc a scríobh faoina bhfuil déanta acu, agus an próiseas a mhíniú ó thús go deireadh.

Ag baint úsáide as an DVD

Is Ealaíontóir mé: Tugann na cláir *Tógáil* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh diorama.

Nóta:

Is breá le leanaí an ghníomhaíocht seo mar go dtugann sé deis dóibh scaoileadh lena gcruthaíocht. Is féidir a bheith ag súil le smaointe agus déantúis an-spéisiúla - chuir leanbh amháin a raibh mé ag obair leis heileapad ar dhíon a sheomra shamhalta!

Ealaíontóirí Ábhartha:

Suíomhanna Idirlín Ábhartha:

Tabhair cuairt ar an larsmalann Ealaíon agus Deartha chun roinnt dearthaí agus tógálacha comhaimseartha a fheiceáil.

http://www.madmuseum.org/site/c.drKL11PllqE/b.1107981/k.781C/Archived_Exhibitions.htm

Tabhair cuairt ar larsmalann Ealaíon Denver agus féach ar chuid de na dearthaí nua-aimseartha atá ann.

http://www.denverartmuseum.org/explore_art/collections/collectionTypeId--30

An Treoir Dearadh Intí do Dheartha náisiúnta agus Idirnáisiúnta, is tairseach é an suíomh seo go dtí a lán iarsmalanna

<http://www.dezignare.com/museum.html>

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga

<http://www.scoilnet.ie>